to the possible direction for future research: a comparative analysis of domestic violence to help highlight the key elements that enable its continuity.

Lindsey Earner-Byrne
University College Dublin

**Titley**. Le Máirtín Coilféir. Leabhair*COMHAR*. Baile Átha Cliath, 2018. Lgh 264. ISBN: 9780993494628. €20.

Siar go 1966 a théann Máirtín Coilféir ag tús an leabhair seo ina bhféachann sé 'le teacht ar bhunfhoinsí ceapadóireachta Alan Titley' (lch ix). Léirmheas Titley ar *An maith leat Spaigití* le hÚna Ní Mhaoileoin an chéad sampla ceapadóireachta atá aimsithe aige agus is fiú go mór an méid atá in athfhriotal aige a thabhairt anseo arís:

> Is teanga tástála í an Ghaeilge do gach aon duine a scríobhann inti toisc gan nós nó gnás nó timpeallacht stíle a bheith bunaithe inti ó dhian-chleachtadh iomarcach na gcianta. Tá sí óg, úr, nua, saor, so-lúbtha, fiáin neamhcheansaithe go fóill, rud a thugann bua di thar an teanga aosta, bacach, seanchaite, boscáilte, stánaithe. Preabann Úna Ní Mhaoileoin gona Ghaeilge bheacht, bhiorúil, bhábógach, bholgódúil, bheo de phlimp isteach ar an tseanchas anseo armáltha le 'An maith leat Spaigití'? (lch 3)

Ba é Titley a phreab de phlimp isteach ar an seanchas, dáiríre, agus ní raibh aon mhaolú ar an ghuth dhásachtach dhearscnaitheach sin aige ó shin. Tá, mar a mhaíonn Coilféir, cur chuige áirithe critice le haithint ar chéad pharagraf an léirmheasa sin a dtugann sé féin 'mórchuid fuinnimh, gannchuid oibiachtúlachta' air (lch 3). Thairis sin, tá stíl shainiúil fhoclach Titley ann agus féadaimid a rá gur tréithe iad sin, idir chur chuige agus stíl, atá ag rith leis ó shin. Tá bunús leathchéad bliain idir an promhadh pinn sin agus na saothair dheireanacha a cheadaíonn Coilféir agus tá a bhfuil foilsithe ag Titley san achar sin tugtha ag Coilféir i liosta a bhfuil fad 13 leathanach ann. D'fhonn tonnta an tsaothair sin a threabhadh go stuama, leagann Coilféir caibidlí a leabhair amach de réir seacht gcineál scéil, mar atá, An scéal go dtí seo: saothar Alan Titley 1966–2016; Scéal na mílte: saoirse agus cearta an chomhphobail; Scéal na linne: luachanna ar fán; Mo scéal féin: an t-indibhidiúlachas agus an litríocht; Scéal casta: tóraíocht agus torthaí na húire; Scéal grinn: magadh, áilteoireacht, maslaí; Scéal scéil: an idirthéacsúlacht.

Leis an cheann a bhaint den scéal, maíonn Coilféir sa réamhrá go bhfuil sé i gceist aige saothar Titley a mheas 'trí lionsa na heitice' (lch x) agus go mbeidh aird ar leith aige ar an fhéinléiriú nó an rud a dtugann sé in áit eile 'eitic an fhéinléirithe' (lch 131) air:

Downloaded from www.liverpooluniversitypress.co.uk by National University of Ireland Maynooth on March 7, 2023.
For personal use only. No other uses without permission.
Copyright © 2023 Liverpool University Press. All rights reserved.

> Ina chuid aistí agus ina chuid scéalta araon, bíonn Titley ag dearbhú agus ag athdhearbhú chearta an duine chun é féin a chur in iúl ar a rogha bealach, a fhad is nach gcuireann an féinléiriú sin isteach ar dhaoine eile. Go deimhin, dá phearsanta agus dá neamhghnáiche an bealach ina ndéantar an féinléiriú seo, is mó an meas a bhíonn aige air. (lch x)

Rogha achrannach é, dar leat, lionsa seo na heitice, ar chúpla cúis. Caithfidh an chritic faobhar freasúrach a imirt ar théacs, ní ar mhaithe leis an chiotrúntacht ach ar mhaithe leis an oibiachtúlacht. Dá réir sin, níl teorainn leis na nithe atá le ceistiú aici, téarmaí tagartha an údair san áireamh. Os a choinne sin, samhlaítear an eitic leis an oircheasacht, leis an rud atá aontaithe cheana a chomhlíonadh. Más ceistiú a dhéanann lucht eitice is d'fhonn dearbhú a fháil ar an rud a tuigeadh cheana a bhítear, lena chinntiú nach sárófar na teorainneacha atá leagtha amach roimh ré—an méid is oircheas. Is amhlaidh atá 'coistí eitice' ceaptha ag ollscoileanna agus institiúidí eile lena chinntiú nach mbítear ag sárú na nósmhaireachtaí cuí atá leagtha amach acu.

B'fhéidir nach bhfuil sa méid sin uilig ach ceist foclaíochta ach tá tábhacht leis go háirithe nuair a insítear dúinn go bhfuil sé i gceist ag Coilféir 'tús áite a thabhairt do fhriotal agus do thuiscint an údair [Titley] i gcónaí' (lch xvii). Ní miste do leabhar dar teideal *Titley* tús áite a thabhairt do shaothar Titley ach ní hé gnó na critice tús áite a thabhairt do *thuiscint* Titley. Is ansin atá an dara cúis amhrais againn. Is fada ó chuir Titley 'cogadh in aghaidh na critice' ach má bhí monaplachtaí dochta smaointeachais le hionsaí níorbh fhiú monaplacht sin na suibiachtúlachta a chur ina n-áit más fíor gurb é 'a mhórchritéar critice', mar Titley, 'an fonn chun féinléirithe' (lch xi). Mura mbeadh á mholadh ag Titley ach critic fhéinléiritheach ní bheadh againn ach leagan eile den *cela va de soi*, an 'ní gá a rá nó tuigimid cheana é', an 'tuiscint' réamhcheaptha chéanna ar fhéach Roland Barthes lena ceistiú agus lena bascadh le faobhar na critice.

Ach arís, b'fhéidir nach bhfuil anseo ach an mearbhall a chuireann foclaíocht agus, i gcás Titley, foclachas doscaí na cogaíochta orainn. Aon duine a léigh gach úrscéal Gaeilge a foilsíodh anuas go 1990—gan trácht ar an duine a scríobh an leabhar grinnsúileach critice *An tÚrscéal Gaeilge* (1991)—bheadh meas tuillte aige. A dhála sin, seachas an t-amhras faoi lionsa na heitice a bheith dár ndalladh, caithfear a cheart a thabhairt don méid atá déanta ag Máirtín Coilféir sa mhonagraf seo. In ainneoin na ngeas a chuireann sé air féin sa réamhrá, faoi thús áite a thabhairt do 'thuiscint an údair', ní spárálann Coilféir lann na critice agus é ag dul i ndeabhaidh le téacsanna agus téiseanna Titley. Is amhlaidh a cháintear an 'reductio' i réimse na critice agus laigí an fhéinléirithe 'gan aon treo ná caighdeán seachtrach a bheith ar fáil' (lgh 102, 131). San am chéanna, más go dáimhiúil a phléitear le saothar Titley den chuid is mó, tá a ábhar sin aige. Meabhraíonn Coilféir peirspictíocht leathan idirnáisiúnta Titley dúinn nuair a luann sé gur beag aird a bhí aige ar Éirinn go dtí deireadh na 1990í: 'Maidir le hÉirinn, tá mar a bheadh dhá leath i scríbhneoireacht Titley' (lch 52). Léirítear, fosta, an téagar tuisceana a

Downloaded from www.liverpooluniversitypress.co.uk by National University of Ireland Maynooth on March 7, 2023.
For personal use only. No other uses without permission.
Copyright © 2023 Liverpool University Press. All rights reserved.

bhíonn le brath i saothar Titley ar chearta an duine gan ach an plé a dhéantar ar an dá úrscéal Afracacha, *Méirscrí na Treibhe* (1978) agus *Gluaiseacht* (2009) a lua.

Más baolach go meallfar Coilféir i dtreo intinniúlacht an údair corruair—an chonair chaoch sin ar a lorgaítear cuspóir ceart an tsaothair sa rud a bhí ar intinn an údair—tagann sé slán ar an chontúirt áirithe sin sna caibidlí deireanacha ina bpléitear an greann agus an idirthéacsúlacht i saothar Titley. Dá dhearscnaithí guth Titley ó 1966 anall, bíonn an guth cinn sin á mhúchadh féin sa ghreann agus san athfhriotal rábach. Cé go ndéanann Titley údar nua-aoiseach de Mhuiríoch Albanach Ó Dálaigh in *An Fear Dána* (1993), mar a ndéantar scéal an ealaíontóra a aithníonn a údarás féin de scéal Mhuirígh, ní hé, dar leat, a éilíonn Titley dó féin. Seachas friotal uathúil údarásach a dhearbhú dó féin, is minice Titley ag carnadh athfhriotal go hamplach ionas go mbíonn a chuid scríbhneoireachta ag baint an údaráis di féin i rith an ama. Is é rud a bhánn sé a ghlór féin sna hathfhriotail scigaithriseacha agus sna liostaí lánfhada liodánacha a scaoileann sé uaidh ina dtáinte. Is den íoróin é gur geall le tréith Titley-ach an bholgchaint sa deireadh nó is sna céadta athfhriotal a chuirtear i mbéal Mhuirígh in *An Fear Dána* is soiléire guth Titley. Sa phlé ghrinnslítheach a dhéanann sé ar an idirthéacsúlacht, tarraingíonn Coilféir ar shaothar Julia Kristeva agus Roland Barthes, beirt a mhaífeadh gurb í an teanga seachas an t-údar is túisce a labhraíonn sa saothar ealaíne. Ní taobh lena dtéis siúd a bhíonn Coilféir, áfach, ach é sásta 'dul cuid den bhealach' leo 'gan iad a thionlacan abhaile ar fad' (lch 224). Ní miste a mhaíomh gur mar sin a chaitheann Coilféir le saothar Titley; ní shlogann sé gan chogaint é.

Guthanna iomadúla Titley a scrúdaítear i monagraf seo Mháirtín Choilféir. Taobh thiar den bholgchaint mhire agus den mhéar mhagaidh i bpluc agus dá mhéad contrárthacht a chastar orainn ar feadh na slí, tá corradh le leathchéad bliain de shaothar pinn ag Titley nach bhféadfá gan a bheith an-mhórálach as, gan trácht ar a bhfuil le teacht. Is ag beathú agus ag saibhriú litríocht agus dhioscúrsa poiblí na Gaeilge go teann atá sé i rith an ama sin agus ba dheacair cuibhreann na Gaeilge a shamhlú gan é ón uair a phreab sé de phlimp isteach ar an seanchas. Is fada saothar den chineál seo amuigh air agus is maith go bhfuair sé údar a dhiongbhála. Ní miste a mhaíomh, fosta, gur comhartha é *Titley* gur beo i gcónaí do thraidisiún na monagraf critice Gaeilge agus gur cruthú é go bhfuil tuilleadh le rá. Ní beag ná suarach an méid sin féin.

Fionntán de Brún
Ollscoil Mhá Nuad

Downloaded from www.liverpooluniversitypress.co.uk by National University of Ireland Maynooth on March 7, 2023.
For personal use only. No other uses without permission.
Copyright © 2023 Liverpool University Press. All rights reserved.